

Éire agus Vótaí do Mhná - Conradh Cearta Vótála Mná na hÉireann

■ Torthaí Foghlama

- Déan feasacht a fhorbairt ar chomhthéacs Conradh Cearta Vótála Mná na hÉireann (Tionchar na Sufraigéidí agus imeachtaí sa Bhreatain, Féinrialtas, srl...).
- Mínigh an difríocht idir modhanna bunreachtúla agus modhanna cathach.
- Pléigh leasuithe vótála a bhronnadh sa bhliain 1918.
- Scrúdaigh cáipéisí príomhfhoinsé.
- Cuir smaointeoireacht chriticiúil i bhfeidhm.
- Déan ceangal le réamh-eolas.

■ Roinnt Smaointe le Tosú: Plé Ranga

1. **Téigh go dtí an Amlíne Idirghníomhach agus pléigh taithí na mban aonair.** Cad a nochtadh faoi shaol na mban sna seanlaethanta? Ceannteidil fhéidir a phlé: Obair agus Coinníollacha Oibre, Eagraíochtaí, Saol Teaghlaigh, srl.

D'fhéadfadh na mic léinn ullmhú ina n-aonar don ábhar seo trí a). Scrúdú a dhéanamh ar an Amlíne idirghníomhach agus na ceannteidil plé thuas á n-úsáid; agus b). An obair seo a roinnt leis an rang.

2. **Ábhair is féidir a phlé: Plé Beirte/Plé Grúpa** 

- Daonlathas: D'fhéadfadh an plé díriú ar an sainmhíniú, ar cad a bhfuil i gceist le maireachtáil i ndaonlathas, ar chearta an tsaoir, srl.
- Feachtasaíocht: Ar ghlac mic léinn páirt i bhfeachtas? Má ghlac mic léinn páirt i bhfeachtas, cad iad na gníomhartha nó na straitéisí a rinne said nó a d'fhéadfaidís a dhéanamh agus cén fáth?
- An bhfuil a fhios ag na mic léinn cathain a bhuaigh mná na hÉireann an ceart vótála?

3. **Scar amach agus pléigh na heocharfhocail seo:**

- Cearta vótála do mhná
- Cearta vótála

4. **Cuir an bhliain leis an ócáid**

An bhliain ina:

- a. fuair na céad mná céimeanna ó Ollscoil Ríoga na hÉireann.
- b. ritheadh 'An t-Acht um Maoin Ban Pósta'. Ba é seo an chéad cheann i sraith dlíthe a thug úinéireacht agus smacht do mhná ar a gcuid maoine féin. Sular tháinig an dlí seo i bhfeidhm, rialafódh fear céile maoin dá bhean faoin dlí.
- c. ritheadh an tAcht Rialtais Áitiúil. Thug sé seo deis do mhná (a bhí ina dteaghlaigh) vótáil i dtoghcháin áitiúla.

1870, 1884, 1898 (na freagraí ar an leathanach deireanach)

Cúlra agus bunú Conradh Cearta Vótála Mná na hÉireann

Sa bhliain 1871, bhunaigh Isabella Tod an chéad eagraíocht vótála ban in Éirinn, Coiste Tuaisceart Éireann um Vótáil na mBan. Sa bhliain 1876, bhunaigh Anna agus Thomas Haslam Cumann Bhaile Átha Cliath um Vótáil na mBan, ar a thugadh an Cumann Éireannach um Vótáil na mBan agus Rialtas Áitiúil níos déanaí. Chuir na heagraíochtaí seo an béim ar mhodhanna bunreachtúla ina gcuid oibre, ina measc sin gníomhartha síochánta ar nós achainíocha, cruinnithe, agus stocaireacht ar Fheisirí na Parlaiminte. Bunaíodh grúpaí vótála eile go luath ina dhiaidh sin. De bharr na leasuithe a tháinig óna gcuid saothar, bhí cead vótála ag mná áirithe vótáil i dtoghcháin áitiúla roimh deireadh an naoú céad déag.



Margaret Cousins

Bhunaigh Hanna Sheehy Skeffington agus Margaret Cousins an Conradh Cearta Vótála Mná na hÉireann (IWFL) i mí na Samhna 1908. Mar an gcéanna le grúpaí vótála eile, theastaigh uathu an ceart vótála a bhaint amach do mhná i dtoghcháin pharlaiminte. Bhraith an IWFL go raibh na modhanna a bhí á úsáid ag na grúpaí vótála eile ró-mheasartha (réidh) agus bhí siad sásta bealaigh níos cathach a ghlacadh. Ghlacadar modh oibre Aontas Sóisialta agus Polaitiúil na mBan, a bhí faoi stiúir na Pankhursts, mar shampla ach ní raibh gníomhartha an IWFL riamh chomh cathach i gcomparáid leis an ngluaiseacht sa Bhreatain.

Sa bhliain 1912, bhunaigh an IWFL an nuachtán *The Irish Citizen*. Ba mhana an nuachtán é: 'For Men and Women Equally the Rights of Citizenship, For Men and Women Equally the Duties of Citizenship'. Bhíodh gníomhartha éagsúla a dhéanamh ag an IWFL. D'fhoilsigh siad paimfléid, labhair siad ag cruinnithe poiblí, d'eagraigh siad léachtaí, agus thaistil siad ar fud na tíre chun vótáil na mban a chur chun cinn.

1912-1914

Ag an am seo, ba é Páirtí Parlaiminte na hÉireann (an Páirtí Féinrialtais) príomhpháirtí polaitiúil na hÉireann. D'iarr an IWFL agus grúpaí cearta vótála eile go gcuirfí cead vótála do mhná san áireamh sa Thriú Bille Féinrialtais. Ach ní raibh ceannaire Pháirtí Parlaiminte na hÉireann, John Redmond, i bhfabhar an vóta a thabhairt do mhná agus bhí Herbert Asquith - Príomh-Aire na Breataine agus ceannaire an Pháirtí Liobrálach - ina choinne chomh maith. Ghlac Rialtas Liobrálach Asquith le Féinrialtas a thabhairt d'Éirinn agus ní raibh John Redmond sásta an tacaíocht sin a chur i mbaol. Ar 1 Meitheamh, 1912, bhailigh níos mó ná 20 grúpa vótála le chéile i mBaile Átha Cliath. Theastaigh uathu go bhfeicfeadh polaiteoirí na hÉireann neart an éilimh ar vótáil na mban.

Chuir an IWFL tús le gníomh cathach in Éirinn níos déanaí sa mhí sin. Bhris ochtar ball den IWFL fuinneoga foirgnimh an rialtais, ina measc siúd Ardoifig an Phoist, agus Caisleán Bhaile Átha Cliath. Gabhadh iad agus gearradh pianbhreitheanna príosúin orthu. Cuireadh Hanna Sheehy Skeffington i bpríosún ar feadh dhá mhí.

I mí Iúil 1912, thug Herbert Asquith cuairt ar Éirinn. Gan aithne ar an IWFL, thaistil grúpa beag sufraigéidí Briotanacha go Baile Átha Cliath agus chaith bean amháin acu, Mary Leigh, tua ar Asquith. Níor bhuail an tua é ach gortaíodh John Redmond a bhí ag taisteal sa chóiste céanna. Rinne siad iarracht freisin an Theatre Royal, áit a raibh Asquith le labhairt, a dhó. Cáineadh na gníomhartha seo go forleathan, agus cé nach raibh baint ag an IWFL leo, díródh an cáineadh seo ar gach sufraigéid. Gabhadh na sufraigéidí Briotanacha agus cuireadh i bpríosún Moinseo iad. Chuaigh siad ar stailc ocrais agus tugadh bia faoi bhrú dóibh. Mar fhreagairt ar chaitheamh na mban seo, chuaigh roinnt ball IWFL, a cuireadh i bpríosún in éineacht leo, ar stailc ocrais chomh maith.

Bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach i mí Iúil 1914 agus d'fhreagair na heagraíochtaí vótála don chogadh ar bhealaigh éagsúla. Mar shampla, chinn brainsí de Chumann Cearta Vótála Mná na Mumhan tacaíocht a thabhairt d'fheachtas an chogaidh, ach d'fhan an IWFL ina choinne. Lean an IWFL lena fheachtas ar son vótáil ban agus i mí Lúnasa 1914 ba cheannlíne an Irish Citizen é ná 'Votes for Women Now! Damn Your War!' Sa Bhreatain, chuir Emmeline Pankhurst agus Aontas Sóisialta agus Polaitiúil na mBan stop le gníomhartha cathaigh agus dhírigh siad ar fheachtas an chogaidh, mar shampla fostú na mban sna monarchana.

1918: Deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Leathnú ar Chearta Vótála

Agus an cogadh ag teacht chun chríoch, reachtaíodh an tAcht um Ionadaíocht na nDaoine. Toisc go raibh Éire fós faoi riail na Breataine, bhain an acht tábhachtach seo le hÉirinn chomh maith. Bronnadh an vóta ar gach fear os cionn 21 bliana d'aois, ar lucht míleata os cionn 19 mbliana d'aois, agus ar mhná os cionn 30 bliain d'aois a raibh in ann cáilíochtaí áirithe a chomhlíonadh; ina measc sin seilbh ar réadmhaoine, nó a bheith i do chéimí ollscoile. Bhí an ceart vótála ag 15.7% de dhaonra na hÉireann sa bhliain 1911 ach mhéadaigh an líon seo go 44.1% den daonra sa bhliain 1918.¹

Fuair líon mór fear bás sa chogadh, agus bhí faitíos ar roinnt Feisirí Pairliminte go mbeadh níos mó ban ná fir ar rolla na dtoghthóirí. Chun é sin a sheachaint, cuireadh srian ar líon na mban a raibh an ceart vótála acu.

Ba í 1918 an chéad bhliain freisin a d'fhéadfaí mná a thoghadh mar Fheisire Pairliminte. Ba í an Chuntaois Markievicz an chéad bhean a thoghadh mar Fheisire Pharlaimint na Breataine. Toisc gur bhall Sinn Féin í, dhiúltaigh sí a suíochán a ghlacadh i Westminster agus, ina ionad, d'fhreastal sí mar bhall den Chéad Dáil sa bhliain 1919.

Sa Bhliain 1922, tugadh an ceart vótála i Saorstát Éireann do gach fear agus bean os cionn 21 bliana d'aois. Bhí ar mhná sa Bhreatain fanacht go dtí an bhliain 1928 sula raibh an ceart vótála céanna acu agus a bhí ag na fir.

An Ceart Vótála agus an Cogadh

Le linn an chogaidh, ghlac mná poist nua i saol na tíre, iad i mbun oibre a mheasadh go dtí sin a bheith oiriúnach ach d'fhir amháin. Chuir siad go mór le feachtas an chogaidh agus lena chinntiú go leanfaí na seirbhísí sa thír dúchais ar aghaidh. (Tá tuilleadh eolais faoi ról na mban sa chogadh ar fáil i *Amílne Idirghníomhach* de chuid May Noonan).

Tá difríocht idir staraithe áfach agus iad ag plé le cé chomh tábhachtach agus a bhí an Chéad Chogadh Domhanda maidir le vótaí do mhná a bhaint amach. Ceapann cuid acu gur tugadh an vóta do mhná mar aitheantas ar an bpáirt ríthábhachtach a ghlacadar le linn an chogaidh. Creideann staraithe eile, cé go raibh tionchar mór ag an gcogadh ar an vóta a bhaint amach do mhná, go raibh fáthanna eile i bhfeidhm freisin, mar shampla tionchar ghluaiseacht an cheart vótála do mhná, athrú dearcadh an tsochaí agus an t-éileamh ar an gceart vótála do chách.

Sufragóir nó Suфрагéid? Tagraíonn 'Sufragóir' dóibh siúd a chuaigh i mbun feachtais ar son vótaí do mhná trí mhodhanna bunreachtúla. Tugadh 'Suфрагéid' ar ghrúpaí cathach a bunaíodh ina dhiaidh sin. Ba é tuairisceoir sa *Daily Mail* an chéad duine a bhain úsáid as an téarma Béarla 'Suffragette' chun caitheamh anuas ar mhná a bhí i mbun feachtais ar son vótála agus chun magadh a dhéanamh astu. Is minic a chuirtear 'ette' le focal chun 'beag' a chiallú, mar shampla, maisonette nó serviette ach ghlac na mná leis an teideal 'Suffragette' agus d'úsáid siad an mana 'Deeds not Words'.

Hanna Sheehy Skeffington

Íomhá le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

- Rugadh sa bhliain 1877 i gContae Chorcaí í.
- Ba Feisire Pairliminte Féinrialtas é a hathair.
- Rinne Hanna staidéar ar Theangacha agus bhain sí céim Máistreacht sa Nua-



¹ Brian, Walker, 'Votes for women (and men): the Representation of the People Act 1918' in *History Ireland*, Issue 3, Volume 26 (May/June 2018).

Theangacha amach. Ba chuid den chéad ghlúin de mhná a fuair céim ollscoile í agus bronnadh onóracha den chéad scoth uirthi.

- Sa bhliain 1903, phós Hanna mac léinn eile, Francis Skeffington. Mar chomhartha an chomhionannais, ghlac siad sloinne a chéile. Bhí mac amháin ag an lánúin darbh ainm dó Owen. Sa bhliain 1908, ba dhuine de bhunaitheoirí Conradh Cearta Vótála Mná na hÉireann í Hanna. B'eagrathóir an Irish Citizen é Francis agus bhí baint mhór aige leis an ngluaiseacht cearta vótála.
- Le linn Éirí Amach 1916, ghabh fórsaí na Breataine Francis (in ainneoin gur shibhialtach a bhí ann) agus é ag iarraidh cosc a chur ar an loit a bhí ar siúl sa chathair. Tugadh go dtí Beairic Portobello é lena cheistiú agus lámhachadh gan triail é.
- Chun poiblíocht a thabhairt do dhúmharú a fir chéile agus chun cúis neamhspleáchais na hÉireann a fhógairt, chuaigh Hanna go Meiriceá sa bhliain 1917. Labhair sí ag 250 cruinniú agus bhuail sí le hUachtarán Mheiriceá Woodrow Wilson.
- Chuaigh Hanna isteach mar bhall Sinn Féin. Le linn Chogadh na Saoirse, d'fhreastail sí mar bhreitheamh i gcúirteanna na Poblachta agus chuir sí in aghaidh an Chonartha ina dhiaidh sin.
- Dhearbhaigh Forógra Phoblacht na hÉireann cearta comhionanna do gach saoránach sa bhliain 1916. Bhí Hanna go láidir i gcoinne Bhunreacht na hÉireann sa bhliain 1937 agus an chaoi a chaith sé le mná.
- Fuair Hanna Sheehy Skeffington bás sa bhliain 1946 agus adhlacadh i Reilig Ghlas Naíon í. Sé tá greanta ar a leac uaigne ná, 'Hanna Sheehy Skeffington Feminist, Republican, and Socialist'.

Téigh chuig [Rannóg an Ghailearaí Foinse](#) chun léargas a fháil ar Hanna Sheehy Skeffington.

■ Príomhfhoinsí: Ag Obair mar Staráí

A. Foilsíodh an téacs thíos sa Leprechaun Cartoon Monthly sa bhliain 1912

Mary had a little bag,
And in it was a hammer,
For Mary was a suffragette,
For votes she used to clamour,
She broke a pane of glass one day,
Like any naughty boy,
A constable came along,
And now she's in Mount-joy.'

Bhí mála beag ag Máire,
Is istigh a bhí casúr,
Mar ba shufraigéid í Máire,
Agus vóta mná a bhí uaithi,
Bhris sí pána gloine lá,
Cosúil le buachaill dána,
Nuair a tháinig an constábla,
Is anois sa 'Joy atá sí.


Plé Ranga

1. I do thuairim, céard iad imeachtaí agus/nó eagraíochtaí na linne a spreag scríbhneoir an téacs seo?
2. I do thuairim, ar aontaigh nó ar easaontaigh an scríbhneoir le vótaí a bhronnadh ar mhná? Luaigh fianaise ón téacs mar thacaíocht le d'fhreagra.
3. Pléigí cad is aoir ann mar rang. An sampla d'aoir é an rabhcán seo?
4. Cad iad na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le rabhcán a úsáid mar phríomhfhoinsé?

B. Póstaer

(Le caoinchead Leabharlann Scoil Eachnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londain.)

1. I d'fhocail féin, mínigh teachtaireacht an phóstaer seo.



C. Sleachta eagartha ó thuairisc sa Sunday Independent, 16 Meitheamh, 1912.

SUFFRAGÓIRÍ Á dTRASNÁIL

Tionóladh cruinniú faoin aer faoi choimirce Conradh Cearta Vótála Mná na hÉireann sna Naoi Acra i bPáirc an Fhionnuisce tráthnóna inné. Rinneadh go leor trasnail ar na sufraigéidí agus baineadh úsáid as roinnt ráitis ghránna ina leith. Chuir cuid den slua a bhí bhailithe ar thaobh seafta an leoraí, an áit as a raibh na hóráidí ag teacht, isteach ar an Uasal Sheehy-Skeffington, an cainteoir ba shuntasáí, agus ar na sufraigéidí eile.

Rinne Bean Cousins, a bhí i gceannas ar an gcrinniú, ráiteas fada ag díriú go feargach ar an gceart iomlán vótála a bhí ag mná. Cloiseadh guth ag béiceadh “Abhaile leat agus tabhair aire don leanbh!” (gáire ard magúil).

Nuair a bhí Bean Uí Palmer ag dul suas ar an leoraí, cloiseadh béiceacha arda “ Ó! Ó!” agus na gártha magaidh, agus d’fhiafraigh guth, “An bhfuil aon brící agat?” Dúirt Bean Uí Palmer nach raibh bríc ar bith aici mar go raibh siad go léir úsáidte aici cheana féin (gáire) “Tháinig siad an lá sin chun an cheist a fhreagairt maidir leis na fuinneoga a bhris siad i mBaile Átha Cliath. Rinne siad a leithéid chun a gceart vótála mar mhná a dhearbhu agus a n-éilimh a thabhairt go suntasach ós comhair an Rialtais. Ní ghlacfaidh muintir na hÉireann le féinrialtas gan clásal ann a thugann an ceart vótála do mhná.”

(Ba rúnaí oinigh an IWFL í Bean Uí Palmer.)

1. An bhfuil aithne agat ar éinne atá luaite san alt nuachtáin seo? Cad atá ar aithne agat fúthu?
2. Conas a dhéanfa cur síos ar dhearcadh na coda ghlóraí den slua? Cén meas a bhí acu ar na sufraigéidí? Luaigh fianaise ón bhfoinsé mar thacaíocht le d'fhreagra.
3. Dar le Bean Uí Palmer, cén fáth ar chuir an IWFL tús le gníomhartha chathaigh?

■ Gníomhaíochtaí Ceachta Ginearálta

Pléigh

1. Cén difríocht a bhí idir an IWFL agus na heagraíochtaí cearta vótála a bhí ann níos luaithe?
2. Cén teideal a bhí ar a nuachtán? Cén fáth, dar leat, ar fhoilsigh an IWFL nuachtán?
3. Ainmnigh mana nuachtán an IWFL. I ngrúpaí, déan liosta de na cearta atá ag saoránaigh in Éirinn i dteideal agus déan liosta de na dualgais atá ar shaoránaigh in Éirinn.
4. Agus úsáid á bhaint agat as do chuid foghlama go dtí seo, cad iad na saincheistean náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a bhí ag tarlú le linn blianta tosaigh an fhichiú haois?
5. Cad a bhronn an t-Acht um Ionadaíocht na nDaoine sa bhliain 1918? Luaigh toradh tábhachtach amháin den Acht seo.
6. Cé hiad na grúpaí ban a bhí fágtha amach ó théarmaí an Achta? Cosúil le go leor de na mná a bhí fostaithe i seirbhís an chogaidh, bhí May Noonan (féach an Amlíne Idirghníomhach) ag tús na bhfichidí nuair a tháinig deireadh leis an gcogadh. Cén chaoi a bhféadfadh na mná seo freagara a thabhairt ar choinníollacha an Achta?

■ Obair Beirte / Grúpa

1. Mic Léinn

- Déan achoimre aonair i 10 bhfocal ar phríomhphointí ábhar an cheachta seo.
- Malartaigh do chuid oibre le comhghleacaí sa ghrúpa. Aithin agus pléigh na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí i bhur gcuid freagraí.
- Agus sibh ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí, aontaigh ar 10 bhfocal amháin san iomlán. Éist le tuairimí a chéile sula ndéanann sibh bhur rogha deiridh. Scríobh na focail seo ar Duillín Scoir agus tabhair é don mhúinteoir.

■ Cruthaigh

1. Aimsigh gach focal a bhfuil líne faoi san ábhar ceachta seo.
 - a. Scríobh síos sainmhíniú do gach focal.
 - b. Cruthaigh abairt ciallmhar agus úsáid á bhaint agat as gach focal.

■ Taighde

1. Déan taighde ar shaol Margaret Cousins. Cinn ar conas is féidir leat do thorthaí a chur i láthair. Smaointe faoin leagan amach is féidir leat a úsáid:
 - Aiste.
 - Tuairisc urchair.
 - Samhlaigh go bhfuil agallamh á dhéanamh agat. Cuir síos liosta ceistean ar féidir leat a chur uirthi agus bain úsáid as do thaighde chun freagraí a scríobh ó thaobh an fhigiúir stairiúil seo.
 - Scéalchlár a léiríonn na himeachtaí móra i saol Margaret Cousins.

■ Tuilleadh Léimh:

The Dictionary of Irish Biography: Hanna Sheehy Skeffington <https://www.dib.ie/biography/skeffington-johanna-hanna-sheehy-a8106> ag Maria Luddy.

Freagraí ó Leathanach a haon: a=1884, b=1870, c=1898.